

Molscéal & Oireachtas na Gaeilge

Spríoc-am d' iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Máirt 20ú Iúil.

Cuireann TG4 fáilte roimh iarratais ón earnáil léiriúcháin neamhspleách chun sraith de mhíreanna a sholáthar do na hardáin neamhlíneacha atá ag **MOLSCÉAL** le craoladh le linn seachtain an Oireachtais ag deireadh Mí Dheireadh Fómhair.

Tá iarratais á lorg ó chomhlachtaí chun 10 mír nó níos mó a léiriú a thabharfaidh blaiseadh den Oireachtas do phobal na Gaeilge agus Gaeltachta go fíorúil toisc nach féidir teacht le chéile i gCill Airne i 2021 de bharr srianta Covid-19. I measc na míreanna atá á lorg, tá lúbíní, sceitseanna, agallamh beirte nua-chumtha, míreanna le h-óige an Oireachtais, pearsain an Oireachtais, agus míreanna bunaithe ar dhamhsa atá cóirithe do na meáin shóisialta chomh maith le smaointe do mhíreanna eile atá dírithe ar phobal na Gaeilge ar líne a fhreastlaíonn ar an Oireachtas.

Ní mhór na nithe seo a bheith san áireamh san ábhair atá molta:

- Go mbeadh na míreanna atá idir 3 nóim agus 15 nóiméid ar fhad.
- Go dtabharfaí pearsain éagsúla an Oireachtais san áireamh.
- Go mbeadh canúintí na Gaeilge idir na Gaeltachtaí agus cathrach sna míreanna.
- Go léireofar na míreanna ar stíl atá oiriúnach do na hardáin neamhlíneacha.
- Go mbeadh na míreanna siamsúil agus tarraingteach don phobal féachana.

Ba chóir gach iarratas ar choimisiún a theacht chugainn tríd an gcóras ríomhchoimisiúnaithe mar cheangaltán pdf agus an buiséad mar cheangaltán excel. Ní dhéanfar iarratas a mheas nach bhfuil buiséad leis.

Moltar go mbeadh na nithe seo san áireamh in aon iarratas:

- Buiséad iomlán
- Léiritheoir & Stiúrthóir luaithe chomh maith le príomh foireann taobh thiar den cheamara.
- Cur chuige físiúil do ardáin neamhlíneacha ón stiúrthóir
- Moltaí maidir le rannpháirtithe atá le bheith sna míreanna.

Spríoc-am d' iarratais chuig TG4 – 5pm Dé Máirt 20ú Iúil.

Caithfear na hiarratais a chur isteach go leictreonach. Mura bhfuil an comhlacht cláraithe, caithfear clárú ar dtús ar an suíomh eCoimisiúin <http://update.tg4.ie/ecommm/login.php>, agus an t-iarratas a uaslódáil roimh an spríoc-am tríd an rogha, '**Molscéal & Oireachtas na Gaeilge**', ón roghchlár anuas. Tiocfaidh admháil chugat go leictreonach go huathoibríoch.

Ní ghlacfar le hiarratais tar éis an sprioc-ama agus caithfidh na comhlachtaí iad féin déanamh cinnte gur seachadadh na hiarratais.

Má tá aon cheist maidir leis an bpróiseas leictreonach seachadta, cuir r-phost chuig Máire Uí Choisdealbha – maire.ui.choisdealbha@tg4.ie

Táthar ag súil le cinnidh ó TG4 **Dé Luain an 2ú Lúnasa, 2021.**

Glacfar le hiarratas ar an mbonn go gcomhlíonfaidh iarrthóir na hoibleagáidí reachtúla iomchuí uile.

Níl dualgas ar TG4 glacadh leis an iarratas is ísle praghas, ná le h-aon iarratas.

Beidh aon chonradh ag brath ar Theastas Glanta Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Acht um Shaoráil Faisnéise: Cuirtear iarrthóirí ar an eolas gur ceadmhach eolas a sholáthraítear a nochtadh don phobal faoin Acht um Shaoráil Faisnéise. Ba chóir d'iarrthóirí aird a tharraingt ar an eolas íogaireacht (más ann) agus a rá cén chúis gur eolas íogaireacht é. Ní féidir glacadh leis nach mbeidh dualgas ar TG4 eolas a eisiúint, fiú más dóigh leis an iarrthóir gur eolas íogaireacht é agus go bhfuil sin curtha in iúl do TG4 aige.

Ní ann d'aon chineál ceangail – conartha nó aon chineál eile – go dtí go mbeidh conradh foirmiúil scríofa forghníofa ag nó thar ceann TG4.